Mo Theaghlach

Tasc A

Rólimirt

Beidh tú féin agus do chara ag déanamh cur síos ar bhur dteaghlach. Smaoinigh ar na daoine a chónaíonn sa bhaile leat. B'fhéidir go mbíonn tú i do chónaí idir dhá theach – tá gach teaghlach difriúil. Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag an bheirt agaibh na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **Cé hiad na daoine atá i do theaghlach?**
2. **An gcónaíonn na daoine seo uilig sa bhaile leat i do theach?**
3. **An bhfuil deirfiúr agus/nó deartháir agat?**
4. **An tusa an duine is sine sa teaghlach?**
5. **An tusa an duine is óige sa teaghlach?**
6. **An bhfuil seomra leapa de do chuid féin agat nó an mbíonn tú ag roinnt le duine eile sa teaghlach?**
7. **An itheann sibh dinnéar le chéile mar theaghlach?**
8. **An bhfuil ócáidí speisialta ar bith a bhíonn sibh ag ceiliúradh mar theaghlach?**
9. **Cad é an rud is mó a thaitníonn leat faoi do theaghlach féin?**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- Deirfiúr/deartháir
- Mo mháthair/M'athair
- Mo mhamaí/Mo dhaidí
- Aintín/uncail
- Mamó/daideo
- Leasathair/leasmháthair
- Col ceathair/col ceathracha
- Is mise an duine is sine sa teaghlach.
- Is mise an duine is óige sa teaghlach.
- Is páiste aonair mé.
- Fanaim le mo Dhaidí cúpla lá sa tseachtain.
- Bím ag roinnt mo sheomra leapa le mo dheirfiúr.
- Bíonn mo theaghlach ag ceiliúradh ócáidí speisialta le chéile cosúil leis an Nollaig, mo bhreithlá, Lá Fhéile Pádraig, na Sacraimintí agus cluichí spóirt.
- Is breá liom nuair a bhíonn muid uilig i gcuideachta a chéile.
- Cuireann sé gliondar ar mo chroí.
- Bím chomh sásta le píobaire.
- Is mór agam an chuideachta seo.

Seanfhocail

Níl aon tinteán mar do thinteán féin

Samhlacha

Chomh sásta le píobaire
Chomh sásta le diúc
Chomh sásta le rí

© CCEA 2022

Mo Theaghlach

Tasc B

1. Tarraing pictiúr de gach duine a chónaíonn sa bhaile leat. Scríobh an teideal – 'Mo Theaghlach' ag barr an leathanaigh. Anois smaoinigh ar na rudaí seo:
   1. Ainm gach duine i do theaghlach. Thig leat tús a chur le gach duine mar Seo í ..... nó Seo é .....
   2. Aois gach duine i do theaghlach – má tá seo ar eolas agat.
   3. Cuir síos ar dhath gruaige agus ar dhath súl.
   4. Scríobh síos aidiachtaí a chuireann síos ar gach duine i do theaghlach. Bain úsáid as Snas ar Scéal (CCEA) le tacú leat.
   5. Má tá am agat, scríobh síos rud amháin a bhfuil dúil ag gach duine i do theaghlach ann, m.sh. Is maith le hAintín Úna seacláid nó Is grá le Mamó dul amach ag siúl.
2. Bain úsáid as an tseanfhocal, **Níl aon tinteán mar do thinteán féin**. Labhair le do chara faoin chiall atá leis an tseanfhocal seo. Cén áit a mbíonn an tinteán sa teach? Is ionann an tinteán agus an píosa a bhíonn thart ar an tine. Tugtar an teallach air seo fosta. Fadó, bhíodh an teaghlach ina suí thart ar an tine, ag roinnt scéalta, ag ceol agus ag caitheamh ama le chéile. Sa lá atá inniu ann, ní bhíonn an teaghlach le chéile chomh minic céanna mar gheall ar an tsaol ghnóthach a bhíonn ag daoine. Má smaoiníonn muid ar an lá atá inniu ann, is minic a bhíonn an teaghlach le chéile sa tseomra suí ag amharc ar an teilifís.

   Dear póstaer nó pictiúr d'íomhá nua-aimseartha den tseanfhocal, Níl aon tinteán mar do thinteán féin. Cén áit a mbíonn an teaghlach le chéile anois? Is áit speisialta é an teach don teaghlach ach cén áit is speisialta nó is fearr le teaghlaigh na laethanta seo, dar leatsa. Má tá am ann, cuir do phóstaer i láthair an ranga agus mínigh roghanna do phictiúir.

© CCEA 2022